# Ceacht 7



## Cur síos ar cad is brí le ‘háitiú’ agus conas a oibríonn sé sin

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba cheart go mbeadh na leanaí ina ann cur síos ar cad is brí le ‘háitiú’ agus conas a oibríonn sé sin |
| **Toradh Foghlama** | A mhíniú cad is áitiú ann (a chur ina luí ar dhuine éigin rud éigin a dhéanamh nó a smaoineamh) agus conas a oibríonn sé sin. Roghnaigh ar a laghad bealach amháin chun rud a chur ina luí ar dhuine ionas go smaoineoidh nó go ndéanfaidh siad rud éigin. |
| **Teacher’s Note** | Táimid timpeallaithe ag na meáin chumarsáide, agus bíonn fíorthionchar aige sin orainn. Ach tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil formhór na meán sin ag iarraidh rud éigin a dhíol linn. Mar shampla, seans go gcuirfeadh fógra muid ag gáire nó go n-inseodh sé scéal maith dúinn, ach tá sé ag iarraidh rud éigin a chur ina luí orainn freisin. |
| **Acmhainní** | • An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé – An Ghaeilge Abú<br>• Comharfhoghlaim – An cluiche ‘áitigh orm’<br>• Scileanna trí mheán an ábhair –An Bréagán Nua (Am Scéalaíochta); Cad é an Teachtaireacht?; An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* |

# Ceacht 7



## Cur Chuige

**Céim 1: An Ghaeilge Abú**

- Iarr ar na leanaí a insint duit cén t-ábhar scoile is fearr leo.

*D'fhéadfaidís aon ábhar a lua.*

- Déan iarracht a chur ina luí orthu gurb í an Ghaeilge an t-ábhar is fearr ar scoil – is teanga ar leith í, baineann sí le cultúr na tíre, ní labhraítear í i ndáiríre ach in Éirinn, is iontach an rud é a bheith in ann do theanga dhúchais a labhairt le do chairde, etc.
- Fiafraigh de na leanaí ar athraigh a dtuairim faoin nGaeilge dá bharr?
- Mínigh do na leanaí go raibh tú ag iarraidh a chur ina luí orthu a n'aigne a athrú.

**Céim 2: Am Scéalaíochta**

- Mínigh do na leanaí gurb é is brí le háitiú a chur ina luí ar dhuine rud éigin a smaoineamh nó a dhéanamh.
- Abair leis na leanaí go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh faoi Ronan.

**An Bréagán Nua**

Bhí Ronan an-sceitimíneach. Bhí sé ar a bhealach chuig an siopa. Choigil sé a airgead póca le roinnt mhaith seachtainí anuas agus anois bheadh sé in ann bréagán nua a cheannach. Nuair a shroich sé an siopa shiúil sé díreach trasna chuig rannóg na mbréagán nua. Bhí an rogha an-leathan. Tar éis cúpla nóiméad phioc sé suas carr rásaíochta. B'shin é – an bréagán nua a theastaigh uaidh. D'fhéach sé mórthimpeall agus bhí cailín ar comhaois ag stánadh ar an gcarr rásaíochta freisin. "Níl tú chun é sin a cheannach, an bhfuil?" ar sise, "Ní bhíonn aon duine ag súgradh le carranna rásaíochta a thuilleadh." Bhí mearbhall ar Ronan. Thaitin sé go mór leis a bheith ag súgradh le carranna rásaíochta. B'fhéidir nár chóir dó. Ansin dúirt sí "Bíonn gach éinne ag súgradh le bloic thógála sa lá atá inniu ann. Ba chóir duit bosca de bhloic thógála a cheannach." D'fhéach Ronan ar an gcarr rásaíochta, agus ansin ar an mbosca de bhloic thógála. Cad ba chóir dó a dhéanamh?

- Fiafraigh de na leanaí cén fáth a raibh Ronan sa siopa bréagán?
- Fiafraigh de na leanaí cá bhfuair sé an t-airgead chun an bréagán nua a cheannach?
- Fiafraigh de na leanaí cad a bheartaigh Ronan a cheannach ar deireadh?
- Agus ansin cad ar dhein an cailín iarracht a chur ina luí air?
- Fiafraigh de na leanaí an raibh an ceart ag an gcailín lena tuairim?
- Fiafraigh de na leanaí cad ba chóir do Ronan a dhéanamh? Ar chóir dó carr rásaíochta a cheannach nó ar chóir dó bloic thógála a cheannach?
- Mínigh do na leanaí go mbíonn daoine ag iarraidh a chur ina luí orainn rudaí a smaoineamh nó a dhéanamh  an t-am ar fad – ár gcairde, ár dteaghlaigh.
- Mínigh go ndéanann fógraí iarracht a chur ina luí orainn rud éigin a cheannach nó a smaoineamh.
- Fiafraigh de na leanaí ar cuireadh ina luí orthusan riamh rud a smaoineamh nó a cheannach mar go raibh sé i bhfógra.

# An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn
# Ceacht 7



## **Cur Chuige** ar lean

**Céim 3: An Cluiche 'áitigh orm'**

- Déan suirbhé i measc na leanaí chun a fháil amach cén gránach bricfeasta, cad iad na milseáin nó cén spórt is fearr leo. Breac síos na torthaí (agus cruthaigh graf simplí más féidir chun na torthaí a léiriú).
- Ag úsáid na dtorthaí iarr ar na leanaí na gránaigh bhricfeasta, na milseáin agus na spóirt is mó éileamh a ainmniú; na gránaigh bhricfeasta, na milseáin agus na spóirt is lú éileamh a ainmniú; agus cá mhéad duine a dtaitníonn gránach bricfeasta, milseáin nó spóirt leo?
- Roghnaigh na trí thoradh is mó éileamh agus roinn an rang i dtrí fhoireann. Féadfaidh an múinteoir suí i lár an tseomra mar dhuine neodrach.
- Is gá do gach foireann a chur ina luí ar an múinteoir gurb é a ngránach bricfeasta, a milseáin nó a spórt an ceann is fearr.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil a lán bealaí chun rud a chur ina luí ar dhuine – béim a leagan ar na pointí dearfacha sa táirge, nó béim a leagan ar na laigí sa táirge eile, nó maíomh go bhfuil an táirge níos faiseanta ná táirge eile, etc.
- D'fhéadfadh an múinteoir an próiseas sin a mhacasamhlú, chun na foirne a spreagadh.
- Féadfaidh an múinteoir noda a thabhairt do na leanaí le linn na gníomhaíochta.
- Agus an t-aiseolas á thabhairt, fiafraigh de na leanaí cad iad na bealaí is fearr rud éigin a chur ina luí ar dhuine. Breac síos na moltaí .

**Céim 4: Cad é an Teachtaireacht?**

- Mar ghníomhaíocht ranga breathnaigh ar na fógraí ó shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis gach fógra, fiafraigh de na leanaí an bhfuil an fógra ag cur ina luí orainn rud éigin a smaoineamh nó a dhéanamh?
- Fiafraigh de na leanaí cad é atá á chur ina luí ag an bhfógra orainn a smaoineamh nó a dhéanamh?
- Iarr ar na leanaí an dóigh leo gur chóir dóibh rud éigin a mhothú nó a dhéanamh díreach toisc go ndúirt fógra leo é a dhéanamh?
- Fiafraigh de na leanaí ar cuireadh ina luí orthu riamh rud éigin a dhéanamh nó a mhothú mar go bhfaca siad i bhfógra é?
- Mínigh do na leanaí gur chóir dóibh a gcinntí féin a dhéanamh faoi cad is cóir a mhachnamh nó a dhéanamh.
- Mínigh do na leanaí go ndéanfaidh fógraíocht iarracht a chur ina luí orainn a lán rudaí a dhéanamh ach go bhfuil sé tábhachtach ár gcinntí féin a dhéanamh ar deireadh thiar thall.

**Céim 5: An Físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn***

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr faoi na meáin chumarsáide.
- Seinm an físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis an fhíseáin, iarr ar na leanaí an cuimhin leo aon rud faoi na meáin ó thaobh cad a theastaíonn uathu go ndéanfaimis.
- Mínigh do na leanaí go leanfaidh siad orthu ag foghlaim faoi na meáin, ach idir an dá linn gur chóir dóibh a bheith ag faire amach do nithe sna meáin atá ag iarraidh rud éigin a chur ina luí orainn a dhéanamh nó a mhachnamh.




**Físeán**